

# Gluais

---

**achuimilteach** *affricate* Fuaim chonsanta phléascach a scaoiltear mar chuimilteach.

**Aibítir Idirnáisiúnta Foghraíochta** *International Phonetics Alphabet (IPA)* Córas nodaireachta idirnáisiúnta chun fuaimanna urlabhra a thras-scríobh.

**ailbheol-charballach** *alveolo-palatal* Cur síos ar chonsan carball-ailbheolach carballaithe. Cur síos ar chonsan a chruthaítear trí lann na teanga a chur taobh thiar den iomaire ailbheolach agus corp na teanga a chnuasú i dtreo an charbaill.

**ailbheolach** *alveolar* Cruthaítear consan ailbheolach trí rinn na teanga nó lann na teanga a chur leis an iomaire ailbheolach.

**airde na teanga** *tongue height* Airde phointe is airde na teanga sa bhéal.

**aistarraingt na teanga** *tongue retraction* Cur síos ar shuíomh na teanga i dtéarmaí cé chomh tulsáite nó aistarraingthe is atá pointe is airde na teanga.

**aistarraingthe** *retracted* Cur síos ar chonsan nó ar ghuta a bhfuil a áit urlabhraíochta príomhúla níos faide siar sa bhéal ná mar a bhíonn de ghnáth.

**áit urlabhraíochta** *place of articulation* An áit i gconair an ghutha ag a gcruthaítear constaic urlabhraíochta consain.

**allafón** *allophone* Tacar fuaimanna urlabhra (foghair) is féidir a rá le fóinéim a réalú.

**anailís fóineolaíochta** *phonological analysis* Anailís ar chóras fuaimte teanga.

**anailís fhóinéimeach** *phonemic analysis* Anailís ar chóras fóinéimeach teanga ina n-oibrítear amach cad iad na fóinéimí sa teanga agus cad iad na rialacha dáilte a bhaineann leo.

**anáilaithe** *aspirated* Cur síos ar an bhfuaim a chruthaítear de bharr pléascadh láidir aeir a scaoiltear amach tar éis consan pléascach i gcomhthéacsanna áirithe i dteangacha áirithe.

**ball urlabhraíochta** *articulator* Codanna den bhéal agus den teanga a thagann le chéile sa bhéal le consan a chruthú trí chonstaic a chruthú a chuireann bac ar an aer ag sruthlú amach tríd an mbéal.

**ball urlabhraíochta éighníomhach** *passive articulator* Le linn fuaimniú consain, ní bhogann an ball urlabhraíochta éighníomhach.

**ball urlabhraíochta gníomhach** *active articulator* Le linn fuaimniú consain, bogann an ball urlabhraíochta gníomhach le teagmháil a dhéanamh leis an mball urlabhraíochta éighníomhach.

**Béarla na hÉireann** *Irish-English* An cineál Béarla a labhraítear in Éirinn.

**braisle** *cluster* Is féidir le consain tarlú i mbraislí. Is é sin, is féidir le níos mó ná consan amháin tarlú as a chéile le linn urlabhra.

**bunghuta** *cardinal vowel* Tacar gutaí tagartha fíorúla is ea na bunghutaí. Déantar cur síos ar cháilíocht gutaí i dtéarmaí na mbunghutaí.

**cáilíocht** *quality* Athraíonn cáilíocht guta de réir cumraíocht urlabhraíochta na teanga. Déantar cur síos ar cháilíocht guta, más ea, de réir airde agus aistarraingt na teanga.

**carball** *hard palate* An chuid chrua sin de bharr an bhéil idir an t-iomaire ailbheolach agus an coguas.

**carballach** *palatal* Cur síos ar chonsan a chruthaítear trí thosach na teanga a chur leis an gcarball.

**carballaithe** *palatalised* Bíonn urlabhraíocht thánaisteach ag consan carballaithe ina mbíonn corp na teanga cnuasaithe i dtreo an charbaill.

**carballaithe go fóinéimeach** *phonemically palatalised* Carballaithe i gcomhthéacs rialacha fóinéimeacha teanga.

**carball-ailbheolach** *palato-alveolar* Cur síos ar chonsan a chruthaítear trí rinn na teanga nó lann na teanga a chur taobh thiar den iomaire ailbheolach.

**carballú** *palatalisation* Cnuasú chorp na teanga i dtreo an charbaill le linn urlabhraíocht consain. Cineál urlabhraíochta tánaistí.

**ceathairshleasán na mbunghutaí** *cardinal vowel quadrilateral* Scéimléaráid de lárlimistéar an bhéil is ea ceathairshleasán na mbunghutaí ar a leagtar amach siombailí gutacha an IPA.

**Ceiltíoch** *Celticist* Bainteach le traidisiún teangeolaíochta sa léann Ceilteach.

**cineál** *variety* Foirm ar leith de theanga.

**cineál urlabhraíochta** *type of articulation* An cineál teagmhála nó gnímh a tharlaíonn ag an áit urlabhraíochta le linn urlabhraíocht consain.

**cnagach** *tap/flap* Cur síos ar an bhfuaim a chruthaítear nuair a dhéanann an teanga teagmháil ghearr amháin in aghaidh an iomaire ailbheolaigh.

**coguas** *velum (soft palate)* An chuid bhog sin de bharr an bhéil idir an carball agus an t-úbhal.

**coguasach** *velar* Cur síos ar chonsan a chruthaítear trí chúl na teanga a chur leis an gcoguas.

**coguasaithe** *velarised* Bíonn urlabhraíocht thánaisteach ag consan coguasaithe ina mbíonn corp na teanga cnuasaithe i dtreo an choguais.

**coguasaithe go fóinéimeach** *phonemically velarised* Coguasaithe i gcomhthéacs rialacha fóinéimeacha teanga.

**coguasú** *velarisation* Cnuasú chorp na teanga i dtreo an choguais le linn urlabhraíocht consain. Cineál urlabhraíochta tánaistí.

**comhartha idirdhealaitheach** *diacritic* Glif a sheasann léi féin nó a chuirtear le siombail foghraíochta chun breis eolais a thabhairt maidir leis an urlabhraíocht.

**conair an bhéil** *the oral tract* An pasáiste ó bharr na farainge go dtí an béal.

**conair an ghutha** *the vocal tract* Na pasáistí os cionn na larainge: an fharaing, conair an bhéil, agus conair na sróine.

**conair na sróine** *the nasal tract* An pasáiste ó chúl an choguais ag barr na farainge go dtí an tsrón.

**consan** *consonant* Fuaim urlabhra ina gcruthaítear constaic áit éigin i gconair an ghutha mar a gcuirtear bac ar phasáiste an aeir.

**consanta** *consonantal* Cur síos ar fhuaim urlabhra a bhfuil tréithe an chonsain le sonrú inti.

**contrárthacht fhóinéimeach** *phonemic contrast* An difríocht idir dhá fhuaim nuair is difríocht de réir córas fuaimne teanga é, nó má spreagann an difríocht sin éagsúlacht brí idir focail chosúla.

**corónach** *coronal* Cur síos ar chonsan a chruthaítear le codanna tosaigh na teanga.

**cruinn** *rounded (lips)* Cur síos foghraíochta ar chruth ar leith ar na liopaí le linn fuaimniú gutaí áirithe.

**cúil** *back* Cur síos ar ghuta a chruthaítear nuair atá pointe is airde na teanga ar chúil sa bhéal.

**cuimilteach** *fricative* I gcás consan cuimilteach, ní bhíonn bac iomlán ar an aer atá ag sruthlú amach. Mar a bhfuil an urlabhraíocht, bíonn an pasáiste cúngaithe an oiread sin go mbíonn an t-aer suaite agus ag siosarnach agus é á bhrú tríd an mbearna.

**cúl na teanga** *the tongue back* An chuid sin de dhromchla na teanga atá taobh thiar de thosach na teanga. Déanann cúl na teanga teagmháil leis an gcoguas le linn urlabhraíocht consan coguasach.

**déadach** *dental* Cur síos ar chonsan a chruthaítear trí rinn na teanga a chur le cúl na bhfiacla uachtaracha.

**défhoghar** *diphthong* Fuaim ghutach ina mbogann an teanga le linn urlabhraíochta. Athraíonn cáilíocht an ghuta lena linn dá réir. Tá sé ar nós dhá ghuta taobh le taobh.

**déliopach** *bilabial* Cur síos ar chonsan a chruthaítear trí na liopaí a thabhairt le chéile.

**dromach** *dorsal* Cur síos ar chonsan a chruthaítear le codanna cúil na teanga.

**dúnta** *close* Cur síos ar ghuta a chruthaítear nuair atá pointe is airde na teanga ard sa bhéal.

**fada go fóinéimeach** *phonemically long* Fada i gcomhthéacs rialacha fóinéimeacha teanga.

**faraing** *pharynx* An chuid sin den scornach idir an laraing agus conair an bhéil agus na sróine.

**faraingeach** *pharyngeal* Cur síos ar chonsan a chruthaítear trí fhréamh na teanga a chur le cúlballa na farainge.

**fiacla íochtaracha** *lower teeth* Na fiacla tosaigh in íochtar an bhéil.

**fiacla uachtaracha** *upper teeth* Na fiacla tosaigh in uachtar an bhéil.

**foghar** *phone* Fuaim nó gotha urlabhra atá inteascánaithe de réir a airíonna fisiceacha inbhraite.

**foghraíocht** *phonetics* Réimse (teang)eolaíochta a chuimsíonn staidéar ar fhuaimanna na hurlabhra.

**foghraíocht urlabhraíochta** *articulatory phonetics* An chuid sin den fhoghraíocht a bhaineann le cruthú fuaimeanna urlabhra.

**fóinéim** *phoneme* Déantar difríochtaí brí a chódú i bhfuaimeanna teanga, agus déantar iarracht na haonaid, a idirdhealaíonn bríonna éagsúla, a oibriú amach. Tugtar fóinéimí ar na haonaid shuntasacha seo.

**fóinéimeach** *phonemic* Bainteach leis an bhfóinéim.

**fóineolaíocht** *phonology* Réimse teangeolaíochta a chuimsíonn staidéar ar chórais fuaime teangacha.

**fuaim urlabhra** *speech sound* Fuaim a chruthaítear le linn urlabhra. Féach freisin: foghar.

**fuaimniú inghlactha** *received pronunciation* Béarla caighdeánach na Breataine.

**Gaeilge** *Irish* Teanga Cheilteach a labhraítear in Éirinn.

**Gaeilge Uladh** *Ulster Irish* Cineálacha Gaeilge a labhraítear i gCúige Uladh.

**Gaeilge Chonnacht** *Connaught Irish* Cineálacha Gaeilge a labhraítear i gCúige Chonnacht.

**Gaeilge na Mumhan** *Munster Irish* Cineálacha Gaeilge a labhraítear i gCúige Mumhan.

**gearr go fóinéimeach** *phonemically short* Fuaim atá gearr de réir chóras fóinéimeach teanga.

**glórach** *voiced* Cur síos ar an bhfuaim a chruthaítear nuair a bhíonn téada an ghutha ag creathadh lena linn.

**glór** *voicing* Fuaim an chreathaidh a tharlaíonn ag téada an ghutha nuair a bhrúitear aer amach tríothu agus iad teannta le chéile.

**glotach** *glottal* Cur síos ar an bhfuaim a chruthaítear ag an nglotas.

**glotas** *glottis* An bhearna idir téada an ghutha.

**gotha teanga** *tongue gesture* Gluaiseacht struchtúrtha teanga chun urlabhraíocht faoi leith a bhaint amach.

**graiféim** *grapheme* Litir nó sraith litreacha ortagrafacha.

**gutach** *vocalic* Cur síos ar fhuaim urlabhra a bhfuil tréithe an ghutha le sonrú inti.

**iar-ailbheolach** *postalveolar* Cur síos ar chonsan a chruthaítear sa chuid sin den bhéal idir an t-iomaire ailbheolach agus an carball.

**iomaire ailbheolach** *alveolar ridge* An t-iomaire taobh thiar de na fiacla uachtaracha, agus chun tosaigh sa bhéal ón gearball.

**láir** *central* Cur síos ar ghuta a chruthaítear nuair atá pointe is airde na teanga i lár an bhéil.

**lann na teanga** *the tongue blade* An chuid sin de dhromchla na teanga idir an rinn agus tosach na teanga. Déanann lann na teanga teagmháil le cúl an iomaire ailbheolaigh le linn urlabhraíocht consan ailbheol-charballach.

**lاراing** *larynx* An t-orgán sa scornach as a dtagann an glór agus a nascann an traicé leis an bhfaraing.

**láraithe** *centralised* Cur síos ar ghuta a bhfuil pointe is airde na teanga níos lárnaí sa bhéal ná mar a bhíonn de ghnáth.

**leathdhúnta** *half-close* Cur síos ar ghuta a chruthaítear nuair atá pointe is airde na teanga réasúnta ard sa bhéal.

**leathghuta** *semivowel* Téarma eile ar chonsan neasach. Tugtar *leathghutaí* orthu mar go mbíonn siad réasúnta cosúil le gutaí go fuaimiúil i ngeall ar go mbíonn bearna idir na baill urlabhraíochta le linn fuaimniú leathghuta.

**leathoscailte** *half-open* Cur síos ar ghuta a chruthaítear nuair atá pointe is airde na teanga réasúnta íseal sa bhéal.

**liopach** *labial* Cur síos ar chonsan a chruthaítear leis na liopaí.

**liopach-coguasach** *labial-velar* Urlabhraíocht chonsanta dhúbailte. Urlabhraíocht phríomhúil ag na liopaí agus ag an gcoguas.

**liopadhéadach** *labiodental* Cur síos ar chonsan a chruthaítear tríd an liopa íochtarach agus na fiacla uachtaracha a thabhairt le chéile.

**liopú** *labialisation* Cruinniú na liopaí le linn urlabhraíocht consain. Cineál urlabhraíochta tánaistí.

**moirféim** *morpheme* An t-aonad gramadaí bríoch is lú.

**moirfeolaíocht** *morphology* Réimse teangeolaíochta a chuimsíonn staidéar ar struchtúr focal.

**neamhghlórach** *voiceless* Cur síos ar an bhfuaim a chruthaítear nuair a bhíonn téada an ghutha scaoilte lena linn.

**neasach** *approximant* Cur síos ar urlabhraíocht chonsanta ina mbíonn bearna idir na baill urlabhraíochta. Uaireanta tugtar *leathghuta* ar an gcineál seo consain.

**neasach taobhach** *lateral approximant* Cur síos ar urlabhraíocht chonsanta ina gcruthaítear bac iomlán sa bhéal mar a bhfuil na baill urlabhraíochta tagtha le chéile, ach de bharr taobh amháin nó dhá thaobh na teanga a bheith scaoilte, sruthlaíonn aer amach as an mbéal gan fiú suaiteacht a bheith i gceist.

**neaschúil** *near-back* Cur síos ar ghuta atá gar do ghuta cúil ó thaobh aistarraingt na teanga de.

**neasdúnta** *near-close* Cur síos ar ghuta atá gar do ghuta dúnta ó thaobh airde na teanga de.

**neascailte** *near-open* Cur síos ar ghuta atá gar do ghuta oscailte ó thaobh ísle na teanga de.

**neastosaigh** *near-front* Cur síos ar ghuta atá gar do ghuta tosaigh ó thaobh tulsá na teanga de.

**orgáin an ghutha** *the vocal organs* Cuimsíonn orgáin an ghutha na scamhóga, an traicé, an laraing, an fharaing, conair an bhéil, agus conair na sróine.

**oscailte** *open* Cur síos ar ghuta a chruthaítear nuair atá pointe is airde na teanga íseal sa bhéal.

**péire íosdifríochta** *minimal pair* Péire focal, atá difriúil ó thaobh brí de, ach nach bhfuil de dhifríocht eatarthu ach fóinéim amháin.

**pléascach** *plosive (stop)* Cur síos ar urlabhraíocht chonsanta ina mbíonn gotha (múnlú teanga) sa bhéal ina gcruthaítear bac iomlán sa bhéal mar a dtagann na baill urlabhraíochta le chéile. Cuireann an chonstaic seo bac ar an aer sa chaoi is go gcruinníonn breis fórsa taobh thiar den bhac. Pléascann an t-aer neartaithe seo amach tríd an mbéal nuair a bhaintear an bac.

**pléascach srónach** *nasal plosive* Cur síos ar urlabhraíocht chonsanta ina gcruthaítear bac iomlán sa bhéal mar a bhfuil na baill urlabhraíochta tagtha le chéile, ach de bharr an coguas a bheith íslithe, sruthlaíonn aer amach trí phasáiste na sróine.

**ráiteán** *utterance* Píosa cainte.

**raon teanga** *tongue range* Réimse spáis sa bhéal ina mbogann pointe is airde na teanga.

**rinn na teanga** *the tongue tip* An chuid is faide chun tosaigh de dhromchla na teanga agus chun tosaigh ó lann na teanga. Déanann rinn na teanga teagmháil le cúl na bhfiacla le linn urlabhraíocht consan déadach nó leis an iomaire aibheolach le linn urlabhraíocht consan aibheolach i dteangacha áirithe.

**rótach** *rhotic* Cur síos ar fhuaim ‘r’.

**scartha** *unrounded (lips)* Cur síos foghraíochta ar chruth ar leith ar na liopaí le linn fuaimniú gutaí áirithe.

**siombail foghraíochta** *phonetic symbol* Siombail ón Aibítir Idirnáisiúnta Foghraíochta a sheasann do ghotha ar leith urlabhra.

**siosach** *sibilant* Cur síos is ea an téarma seo ar chineálacha urlabhraíochta a mbíonn siosarnach i gceist leo, i.e. cuimiltigh agus achuimiltigh.

**sleamhnóg** *glide vowel* Guta a shleamhnaíonn ó ghotha amháin urlabhra go gotha eile urlabhra.

**sondach** *sonorant* Fuaim urlabhra leanúnach. Cuimsíonn sondaigh srónaigh, tríligh, cnagaigh, taobhaigh, neasaigh, agus gutaí.

**srónach** *nasal (plosive)* Cur síos ar urlabhraíocht chonsanta ina gcruthaítear bac iomlán sa bhéal mar a bhfuil na baill urlabhraíochta tagtha le chéile, ach de bharr an coguas a bheith íslithe, sruthlaíonn aer amach trí phasáiste na sróine.

**stádas fóinéimeach** *phonemic status* Deirtear go bhfuil stádas fóinéimeach ag tacar fuaimneanna más féidir é sin a léiriú le péire íosdifríochta.

**taobhach** *lateral (approximant)* Cur síos ar urlabhraíocht chonsanta ina gcruthaítear bac iomlán sa bhéal mar a bhfuil na baill urlabhraíochta tagtha le chéile, ach de bharr taobh amháin nó dhá thaobh na teanga a bheith scaoilte, sruthlaíonn aer amach as an mbéal gan fiú suaiteacht a bheith i gceist. *Neasach taobhach* an léipead iomlán don chineál seo consain.

**téada an ghutha** *the vocal folds (the vocal chords)* Dhá mhatán atá lonnaithe sa laraing sa scornach. Gintear glórú ag téada an ghutha. Creathadh na matán seo is ea an glórú a chruthaítear nuair a bhrúitear aer trí na matáin agus iad teannta le chéile.

**teascán** *segment* Bunaonad foghraíochta.

**tosach na teanga** *the tongue front* An chuid sin de dhromchla na teanga atá idir lann na teanga agus cúl na teanga. Déanann tosach na teanga teagmháil leis an gcarbhall le linn urlabhraíocht consan carballach.

**tosaigh** *front* Tugtar guta tosaigh ar ghuta ina bhfuil pointe is airde na teanga chun tosaigh sa bhéal.

**traicé** *trachea* An píobán a nascann na scamhóga leis an bhfaraing.

**tras-scríbhinn** *transcription* Giota urlabhra tras-scríofa.



- tras-scríobh foghraíochta** *phonetic transcription* Léiriú físeach fuaimeanna urlabhra (foghair), ar scáileán nó ar pháipéar, nó a leithéid, ag úsáid na hAibítre Idirnáisiúnta Foghraíochta.
- tras-scríobh fóinéimeach** *phonemic transcription* Léiriú físeach fóinéimí teanga, ag úsáid tacar siombailí oiriúnacha.
- tras-scríobh leathan** *broad transcription* Tras-scríobh nach gcuimsíonn gach mionsonra foghraíochta.
- tras-scríobh ortagrafach** *orthographic transcription* Tras-scríobh teanga de réir ghnáthchóras scríbhneoireachta na teanga, agus ag leanúint ghnáthrialacha litrithe na teanga.
- trasdul** *transition* Na comhathruithe a tharlaíonn le linn slabhra urlabhra idir fuaimeanna comhleantacha.
- tríleach** *trill* Sraith cnag den teanga in aghaidh an iomaire aibheolaigh.
- tulsá na teanga** *tongue advancement* Cur síos ar shuíomh na teanga i dtéarmaí cé chomh tulsáite nó aistarraingthe is atá pointe is airde na teanga.
- tulsáite** *advanced* Cur síos ar chonsan nó ar ghuta a bhfuil a áit urlabhraíochta príomhúla níos faide chun tosaigh sa bhéal ná mar a bhíonn de ghnáth.
- túschonsan** *initial consonant* Consan ag tús focail.
- úbhal** *uvula* An géagán feolmhar sin a chrochann ó bharr an bhéil taobh thiar den choguas.
- úbhalach** *uvular* Cur síos ar chonsan a chruthaítear trí chúl na teanga a chur leis an úbhal.
- urlabhraíocht** *articulation* Constaic a chruthaítear i gconair an ghutha de bharr teagmhála idir ball urlabhraíochta gníomhach agus ball urlabhraíochta éighníomhach. Fuaimnítear consan má shruthlaíonn aer thar an gconstaic.
- urlabhraíocht phríomhúil** *primary articulation* Áit urlabhraíochta príomhúla consain.
- urlabhraíocht thánaisteach** *secondary articulation* Áit urlabhraíochta tánaistí consain, más ann di.
- urlabhra** *speech* Cumarsáid ghutha dhaonna.